V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10411 — ABM / YKA / HEBEI MAURI)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2021/C 514 I/04)

1. An 14 Nollaig 2021, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Associated British Foods plc ("ABF", an Ríocht Aontaithe),

— Wilmar International Limited ("Wilmar", Singeapór),

— AB Mauri Yihai Kerry Investment Company Limited ("AB Mauri", an tSín), comhfhiontar lánfheidhme idir ABF agus Wilmar,

— Hebei Mauri Food Co., Ltd. ("Hebei Mauri" nó "an sprioc-chuideachta", an tSín), faoi rialú ABF.

Trí AB Mauri, faigheann ABF agus Wilmar rialú comhpháirteach ar Hebei Mauri ina iomláine de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás ABF: gníomhach i gcúig phríomhréimse gnó ar fud an domhain, eadhon (i) táirgeadh comhábhar bácála, lena n-áirítear giosta; (ii) táirgeadh siúcra; (iii) monarú táirgí grósaeireachta; (iv) soláthar táirgí talmhaíochta d'fheirmeoirí; agus (v) miondíol mórsráide,

— i gcás Wilmar: gníomhach i saothrú pailme ola, brúite olashíl, scagadh ola inite, muilleoireacht agus mínghlanadh siúcra, monarú táirgí tomhaltais, saillte speisialtachta, olacheimiceáin, bithdhíosal agus leasacháin chomh maith le muilleoireacht plúir agus ríse ar fud an domhain,

— i gcás Hebei Mauri: gníomhach i ngiosta aráin a mhonarú agus a sholáthar don tSín agus tíortha eile, lena n-áirítear san Áise; agus

— i gcás AB Mauri: gníomhach i monarú, díol agus dáileadh giosta, comhábhar bácúis agus saillte bácúis san Áise, chomh maith le soláthar seirbhísí ábhartha bácála agus teicniúla a bhaineann leis na táirgí sin san Áise.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10411 — ABM / YKA / HEBEI MAURI

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.